Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8663/26**

**CDR 83**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 8 Meitheamh 2026 go dtí an 25 Eanáir 2030 agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2025/71<br>- Glacadh |

1. Tháinig deireadh leis an téarma oifige roimhe seo a bhí ag comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún an 25 Eanáir 2025[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh téarma 5 bliana, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar mholtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

3. Le doiciméad 9007/24, d'iarr Ardrúnaíocht na Comhairle ar na Ballstáit a moltaí a chur isteach le haghaidh iarrthóirí lena gceapadh mar chomhaltaí agus mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

[1] Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

4. An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71[2] lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030. Leis an gCinneadh sin, ceapadh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna moladh ag rialtas na hEastóine, na hÉireann, na Cróite, na Cipire, na Laitvia, Lucsamburg, Mhálta, na hÍsiltíre, na hOstaire, na Portaingéile, na Slóivéine, na Slóvaice, na Fionlainne, agus na Sualainne don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030. Ceapadh le Cinneadh (AE) 2025/71, don tréimhse chéanna, 12 chomhalta agus 9 gcomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Seice, 7 gcomhalta agus 9 gcomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Danmhairge, 23 chomhalta agus 19 gcomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Gearmáine, 11 chomhalta agus 12 chomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Gréige, 20 comhalta agus 20 comhalta malartach arna moladh ag Rialtas na Spáinne, 22 chomhalta agus 24 chomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na hIodáile, 21 chomhalta agus 20 comhalta malartach arna moladh ag Rialtas na Polainne, agus 9 gcomhalta agus 9 gcomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Rómáine.

5. An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/201[3] lena gceaptar, don tréimhse chéanna, comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún arna moladh ag Rialtas na Bulgáire, na Liotuáine agus na hUngáire. Chomh maith leis sin, le Cinneadh (AE) 2025/201 ceapadh 10 gcomhalta agus 10 gcomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Beilge, 24 chomhalta agus 23 chomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Fraince don tréimhse chéanna. Thairis sin, le Cinneadh (AE) 2025/201, ceapadh beirt chomhaltaí agus comhalta malartach amháin a mhol Rialtas na Danmhairge, agus ceapadh duine de na comhaltaí sin mar chomhalta malartach ar dtús le Cinneadh (AE) 2025/71. Cheap sí freisin comhalta malartach amháin a mhol Rialtas na hIodáile tar éis do chomhalta malartach arna cheapadh le Cinneadh (AE) 2025/71 éirí as oifig.

---

[2] Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).

[3] Cinneadh (AE) 2025/201 ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2025/71 (IO L, 2025/201, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/201/oj).

6. An 18 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/378[4], lena gceaptar, don tréimhse ón 18 Feabhra 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030, beirt chomhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha de Choiste na Réigiún arna moladh ag Rialtas na Beilge, beirt chomhaltaí mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Gearmáine, comhalta amháin arna mholadh ag Rialtas na Gréige, comhalta amháin agus comhalta malartach amháin arna moladh ag Rialtas na Spáinne, beirt chomhaltaí arna moladh ag Rialtas na hIodáile, seisear comhaltaí agus seisear comhaltaí malartacha arna moladh ag Rialtas na Rómáine, agus comhalta malartach amháin arna mholadh ag Rialtas na Polainne. Cheap sí freisin comhalta amháin don Ghearmáin a mhol Rialtas na Gearmáine tar éis do chomhalta malartach arna cheapadh le Cinneadh (AE) 2025/71 éirí as oifig.

7. An 13 Bealtaine 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/954[5]. Leis an gCinneadh sin ceapadh, don tréimhse ón 13 Bealtaine 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030, aon chomhalta amháin agus aon chomhalta malartach amháin a mhol Rialtas na Gearmáine, mar aon le triúr comhaltaí malartacha a mhol Rialtas na Seice. Thairis sin, le Cinneadh (AE) 2025/954, cheap an Chomhairle aon chomhalta amháin a mhol Rialtas na Gearmáine tar éis deireadh a theacht, roimh thús théarma oifige reatha Choiste na Réigiún, leis an sainordú ar dá bhun a moladh comhalta Gearmánach a cheapadh agus a ceapadh le Cinneadh (AE) 2025/71. Ceapadh freisin aon chomhalta amháin a mhol Rialtas na hOstaire tar éis deireadh a theacht, roimh thús théarma oifige reatha Choiste na Réigiún, leis an sainordú ar dá bhun a moladh comhalta Ostarach a cheapadh agus a ceapadh le Cinneadh (AE) 2025/71.

---

[4] Cinneadh (AE) 2025/378 ón gComhairle an 18 Feabhra 2025 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 18 Feabhra 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2025/71 (IO L, 2025/378, 6.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/378/oj).

[5] Cinneadh (AE) 2025/954 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 13 Bealtaine 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2025/71 (IO L, 2025/954, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/954/oj).

8. An 10 Deireadh Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/2119[6]. Leis an gCinneadh sin, cheap sí beirt chomhaltaí mhalartacha a mhol Rialtas na Gearmáine don tréimhse ón 10 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

9. I litir dar dáta an 21 Samhain 2025[7], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a ceapadh Rogério David SÁDIO DA SILVA agus Cristina de Fátima SILVA CALISTO mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030. Tar éis dheireadh na sainorduithe sin an 9 Nollaig 2024 agus an 4 Márta 2024 faoi seach, mhol Rialtas na Portaingéile, i litir dar dáta an 13 Aibreán 2026[8], go gceapfaí Sónia Isabel FERNANDES SANFONA CRUZ MENDES agus Filomena PASCOAL SINTRA mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún.

10. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 8661/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

11. Tar éis cheapadh chomhaltaí malartacha Choiste na Réigiún leis an gCinneadh a leagtar amach in 8661/26, leanfar, ar dháta níos faide anonn, de chomhalta malartach eile a cheapadh, nár chuir an Ballstát lena mbaineann an moladh lena cheapadh in iúl don Chomhairle roimh an 1 Bealtaine 2026.

---

[6] Cinneadh (AE) 2025/2119 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025 lena gceaptar comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 10 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/2119, 16.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2119/oj).

[7] 5686/26.

[8] 8412/26.